CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2023/1720 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 5 Meán Fómhair 2023

maidir le glacadh le rannchuidiú ó thríú Stát le Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc) (EUTM Mhósaimbíc/1/2023)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/1143 ón gComhairle an 12 Iúil 2021 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc) ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(2) de Chinneadh (CBES) 2021/1143, d'údaraigh an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le glacadh le rannchuidithe atá beartaithe ó thríú Stáit le EUTM Mhósaimbíc.

(2) I gcomhréir leis an moladh ó Cheannasaí Mhisean an Aontais ar EUTM Mhósaimbíc maidir le rannchuidiú atá beartaithe ó Phoblacht na Seirbia agus leis an gcomhairle a chuir Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh ar fáil ina leith sin, ba cheart an rannchuidiú sin a ghlacadh agus é a mheas mar rannchuidiú suntasach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Glactar leis an rannchuidiú ó Phoblacht na Seirbia le EUTM Mhósaimbíc agus meastar gur rannchuidiú suntasach é.

2. Tá Poblacht na Seirbia díolmhaithe ó rannchuidithe airgeadais le buiséad EUTM Mhósaimbíc.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach

([1]) IO L 247, 13.7.2021, lch. 93.